C/2023/861

8.12.2023

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tacaíocht agus cistiú don tsochaí shibhialta i réimse na gceart bunúsach, an smachta reachta agus an daonlathais

(Tuairim féintionscnaimh)

(C/2023/861)

Rapóirtéir: **Cristian PÎRVULESCU**

Comhrapóirtéir: **Ozlem YILDIRIM**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	5.9.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	581
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	152/3/9

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Córais dhaonlathacha amháin is ea atá san Aontas Eorpach agus, ar an ábhar sin, aithníonn an tAontas a thábhachtaí atá ról na sochaí sibhialta chun go leanfar de rialtas láidir ionadaíoch agus iolraíoch. Tá ról lárnach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) freisin sa phróiseas cinnteoireachta agus maidir le reachtaíocht nua a bheartú, bunaithe ar a gcuid eolais ar shaincheisteanna sonracha agus ar a dtaithí orthu agus mar go gcabhraíonn siad leis na daoine is leochailí inár sochaithe guth a bheith acu sa phróiseas.

1.2. Níl tacaíocht an Aontais do ESSanna ag teacht in aon chor leis an ról lárnach agus na freagrachtaí atá acu a bheartaítear sna pacáistí athchóirithe éagsúla. Cé go mbítear dóchasach go dtabharfaidh ESSanna aghaidh ar leochaileachtaí daonlathacha agus go gcoiscfidh siad aon sleamhnú i dtreo an údarásaíochais, níl an tacaíocht chuí acu chun a misean criticiúil a chomhlíonadh. Is mórábhar imní é a laghad sin acmhainní i mbuiséad an Aontais a thiomnaítear chun tacú le ESSanna. Dar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), níl sé sin inghlactha agus ní mór aghaidh a thabhairt air láithreach.

1.3. Tacaíonn CESE le hionstraim airgeadais a chur ar bun a thiomnófar go sonrach do ESSanna atá bunaithe san Aontas agus a ghníomhaíonn ar son chearta an duine agus an daonlathais, ionstraim a bheadh coibhéiseach leis an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR), atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas. Cuidíonn an tAontas Eorpach le cosantóirí chearta an duine thar lear freisin trína ardán cosanta 'Sásra AE um Chosantóirí Chearta an Duine', agus ba cheart dó ardán den chineál céanna a bhunú dóibh siúd a oibríonn i mBallstáit an Aontais.

1.4. Príomhdhúshlán maidir leis an rochtain ar chistiú is ea gur cruthaíodh córas ilsrathach ESSanna ina mbíonn na fadhbanna maoinithe is tromchúisí acu siúd a bhíonn ag plé leis na saincheisteanna sóisialta agus polaitiúla is deacra, amhail eagraíochtaí faire nó eagraíochtaí a dhéanann an comhionannas agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn.

1.5. De bhrí go bhfuil teorainneacha leis an rochtain ar chistiú agus ar thacaíocht in earnáil ESSanna, bíonn raon leathan éifeachtaí díobhálacha le brath san earnáil. Ceann de na héifeachtaí sin is ea gur minic a bhíonn daoine a bhfuil baint acu le ESSanna ag obair faoin uafás struis, agus rioscaí ollmhóra ann dá meabhairshláinte, rud is féidir a bheith níos measa fós de bharr ionsaithe uathu siúd atá i gcumhacht (lena n-áirítear trí imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí, SLAPPanna). D'fhéadfadh sé go mbeadh ioncam níos lú/éagobhsaí acu siúd a oibríonn in ESSanna mar thoradh ar theorainneacha leis an rochtain ar mhaoiniú, rud a d'fhágfadh go gcuirfí saineolas agus tiomantas luachmhar amú. Chaillfí cuimhne eagraíochtúil agus acmhainní eagraíochtúla. D'fhéadfadh sé go rachadh an tionchar ar an tsochaí agus ar an gcinnteoireacht i laghad chomh maith.

1.6. Is mian le CESE aird a dhíriú ar an ngá atá le breithniú a dhéanamh ar na bealaí iomchuí le haghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht fostaíochta san earnáil sin de chuid eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i réimse an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach. Cé go mbíonn fostaithe in ESSanna faoi réir na rialacha náisiúnta lena rialaítear conarthaí fostaíochta, is minic nach mbíonn sé ar chumas ESSanna ionchais fhadtéarmacha a thabhairt i leith fostaíocht leormhaith ardcháilaíochta agus na sochair agus caiteachas sóisialta uile atá riachtanach sa chóras pá a chur ar fáil mar gheall ar an easpa maoinithe atá ann agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis sin. Fágann sé sin go bhféadfadh sé nár leor fós an tslándáil poist, folláine ghinearálta na n-oibrithe in ESSanna agus cobhsaíocht airgeadais ghaolmhar na n-eagraíochtaí lena mbaineann na hoibrithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart breathnú orthu sin mar thosaíochtaí.

1.7. Tá CESE ag moladh don Choimisiún Eorpach buansásra foláirimh agus faireacháin a chur ar bun chun dul i ngleic leis na dúshláin agus na bagairtí atá roimh ESSanna. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún pointe teagmhála uathúil a chruthú chun go bhféadfadh ESSanna an sásra a chur i bhfeidhm agus chun go bhféadfadh CESE, institiúidí eile de chuid an Aontais agus gníomhaireachtaí speisialaithe amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) obair struchtúrtha a dhéanamh.

1.8. Tá CESE ag moladh don Choimisiún Eorpach uasdátú a dhéanamh ar an modheolaíocht i leith a Thuarascála maidir leis an Smacht Reachta chun béim a leagan ar ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis an smacht reachta a choimirciú, agus chun a thabhairt chun suntais na bacainní atá orthu agus an fhreagracht atá ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin.

1.9. Ó 2018 i leith, rinne Grúpa CESE um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta cuairteanna tíre a eagrú chuig Ballstáit uile an Aontais, cuairteanna inar pléadh na gnéithe uile d'eagrú agus d'oibriú na sochaí sibhialta le gníomhaithe ón tsochaí shibhialta. Déantar na tuarascálacha ar na cuairteanna sin a dhréachtú le modh rannpháirtíochta agus idir piaraí. D'fhéadfaí leas a bhaint astu mar acmhainn bhreise eolais le haghaidh mheasúnú ginearálta an Choimisiúin Eorpaigh ar ESSanna a fheidhmíonn ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

1.10. Cé gur díol sásaimh do CESE struchtúrú an chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV), agus solúbthacht an chistithe chun freastal ar na riachtanais atá ann cheana, tá na cistí atá á leithdháileadh fós easnamhach agus níl siad dírithe ar an tacaíocht atá tuillte ag ESSanna an tráth criticiúil seo a thabhairt dóibh. D'fhéadfadh ceanglais chomhchistiúcháin an chláir sin an rochtain ar chistiú a theorannú go mór agus ní mór iad a athmheasúnú agus a mhaolú.

1.11. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar eagraíochtaí a oibríonn i réimsí atá ríthábhachtach don daonlathas agus a shaothraíonn feidhmeanna faire, ós rud é nach bhfuil feidhmiú na n-eagraíochtaí sin chomh hoiriúnach céanna d'fheidhmiú atá bunaithe ar thionscadail. I ndáil leis sin, ba cheart tús áite a thabhairt do chistiú na gcostas oibriúcháin agus forbartha (deontais oibriúcháin) agus ba cheart an cistiú sin a chur ar fáil ar bhonn níos tapúla, le níos lú maorlathais. Ar bhonn measúnú calabraithe, agus dá mbeadh maoiniú ann arbh fhusa é a rochtain agus a bheadh bunaithe ar riachtanais, bheadh an Coimisiún in ann na deiseanna a bheadh ar fáil a chur in iúl do ESSanna ar bhonn níos fearr.

1.12. Ba cheart na costais oibriúcháin agus an cistiú forbartha le haghaidh ESSanna a athchumrú chun freastal ar na fíor-riachtanais phráinneacha atá acu. Ba cheart go gcuirfeadh maoiniú den sórt sin ar chumas phríomhoibrithe ESSanna teacht slán as an gcruachás ina bhfuil siad agus pá cuibhiúil agus intuartha a chur ar fáil dóibh. I bhfianaise ionsaithe dlí, ba cheart rochtain a bheith ag ESSanna ar chistí a chumhdódh imeachtaí dlí éagsúla. Ba cheart riachtanais shonracha eile a chur san áireamh, ar bhonn níos solúbtha.

1.13. Tá CESE á thabhairt le fios go bhfuil sé thar a bheith deacair d'eagraíochtaí beaga a fheidhmíonn go háitiúil agus i gceantair iargúlta rochtain a fháil ar chistí an Aontais. Chomh maith lena chasta atá na ceanglais riaracháin agus gan ach inniúlachtaí teoranta teanga acu, bíonn bac orthu iarratas a dhéanamh i ngeall sin ar leibhéal ró-íseal na gcostas indíreach nach léiriú ar an bhfíorchaiteachas iad. Ina theannta sin, is minic fós a cheanglaítear orthu a ranníocaíochtaí airgeadais féin a bheith acu. Ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus ar na hualaí sin go díreach.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. *Luachanna agus institiúidí daonlathacha: na dúshláin atá ann faoi láthair*

2.1.1. Mar a shonraítear in Airteagal 11 (2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), coimeádfaidh institiúidí an Aontais agallamh oscailte, trédhearcach, tráthrialta ar siúl le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta.

2.1.2. Is follasaí ná riamh gur cheart don Aontas a bheith níos gníomhaí agus níos éifeachtaí sna réimsí idirghaolmhara uile a bhaineann le luachanna agus institiúidí daonlathacha. Is díol sásaimh an gealltanas athnuaite ón gCoimisiún Eorpach go gcuirfidh sé chun cinn cosaint an daonlathais (Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach) ([1]), cearta bunúsacha (Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú san Aontas) ([2]), an comhionannas (Aontas an Chomhionannais ([3]) agus an neamh-idirdhealaithe ([4])), agus an smacht reachta (Tuarascálacha maidir leis an Smacht Reachta), rud atá de dhíth. Sna conclúidí ar tháinig sí orthu le deireanas, d'aithin Comhairle an Aontais Eorpaigh ról an spáis shibhialta i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint san Aontas ([5]).

2.1.3. Seolfaidh an Coimisiúin 'pacáiste um chosaint an daonlathais' faoin bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach ([6]). I dTuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, arb í an ceann is déanaí í, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil 'ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag cosantóirí chearta an duine mar bhreathnóirí ar sháruithe ar an smacht reachta' agus go gcuireann 'siad go gníomhach leis an smacht reachta, an daonlathas agus cearta bunúsacha a chothú ar an láthair ([7]).' Ina Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú, rinne an Coimisiún Eorpach ceithre phríomhshnáithe a chur chun cinn, ar ceann acu sin é eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine agus cleachtóirí ceartais a chumhachtú ([8]).

2.1.4. Sna réimsí sin ar fad, aithníonn an Coimisiún Eorpach an ról lárnach atá ag ESSanna maidir lena áirithiú go leanfar de chóras stóinseach srianta agus ceartúchán, go ndéanfar faireachán ar an gcinnteoireacht, go mbeidh na saoránaigh rannpháirteach sa pholaitíocht agus sa rialtas, agus go ndéanfar grúpaí sóisialta éagsúla a chosaint agus a chuimsiú.

2.1.5. Mar sin féin, tá dhá mhórdhúshlán idirnasctha roimh ESSanna, go háirithe iad siúd a oibríonn i réimse an daonlathais, na gceart bunúsach, an chomhionannais agus an smachta reachta. Ar an gcéad dul síos, tá méadú ag teacht ar líon na ngníomhaithe sóisialta, polaitiúla agus rialtais a oibríonn go díreach i gcoinne luachanna agus chaighdeáin dhaonlathacha an Aontais Eorpaigh. Ar an dara dul síos, tá an spás agus na deiseanna atá ann chun cur in aghaidh na dtreochtaí sin ag dul i laghad ar bhonn seasmhach. Agus méadú ag teacht ar naimhdeas an rialtais agus gníomhaithe eile in aghaidh ESSanna, sa bhreis ar na deacrachtaí atá rompu maidir le gníomhaíochtaí eile a mhaoiniú agus gan ach tarraingt theoranta acu sna mórmheáin agus sa tsochaí, tá ualach rómhór á chur ar ESSanna agus tá siad á dtraochadh.

2.1.6. Bíonn brú ar ESSanna freisin de bharr an róil atá acu maidir le freagairt do ghéarchéimeanna, mar shampla paindéim COVID-19, roinnt géarchéimeanna daonnúla ag teorainneacha an Aontais nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an méadú ar an imirce mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin. Ba iad ESSanna ba thúisce a thug aghaidh ar na géarchéimeanna sin agus iad ag cuidiú leis na daoine ba leochailí inár sochaithe. Mar chúiteamh ar an méid sin, cuireadh bac ar a ngnáthghníomhaíochtaí, rinneadh ciapadh orthu agus rinneadh a gcistí poiblí a tharraingt siar, i gcás roinnt acu ar aon nós.

2.1.7. Agus an méadú ar na dúshláin thromchúiseacha i réimsí na gceart bunúsach, an smachta reachta agus an daonlathais á dtabhairt faoi deara againn, ní mór dúinn foghlaim ó na hiarrachtaí rathúla a rinne an tAontas. Faoi láthair, is lasmuigh den Aontas a dheonaítear an tacaíocht is dírí, is inrochtana agus is éifeachtaí do ESSanna a oibríonn i réimse chearta an duine agus an daonlathais.

2.2. *Crapadh leanúnach an spáis shibhialta*

2.2.1. I dtuairim roimhe seo a glacadh in 2017, chuir CESE in iúl gur chúis mhór imní dó gur tugadh laghdú ar an spás sibhialta faoi deara i roinnt Ballstát san Aontas agus chuir sé in iúl nár mhór díriú láithreach ar na deacrachtaí breise a bhain le rochtain a fháil ar mhaoiniú poiblí agus ról ESSanna maidir le feidhmiú an daonlathais san Eoraip chomh maith. Dúradh

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *On the European democracy action plan* [maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach] (COM(2020) 790 final) (IO C 341, 24.8.2021, lch. 56).

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU* [Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú san Aontas] (COM(2020) 711 final) (IO C 341, 24.8.2021, lch. 50).

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — A Union of equality: EU anti-racism action plan 2020-2025 [Aontas an Chomhionannais: plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025] (COM(2020) 565 final) (IO C 286, 16.7.2021, lch. 121).

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le comhionannas a fheabhsú san Aontas Eorpach (tuairim féintionscnaimh) (IO C 75, 28.2.2023, lch. 56).

([5]) *Cearta bunúsacha: conclúidí maidir le ról an spáis shibhialta formheasta ag an gComhairle*.

([6]) Clár oibre an Choimisiúin Eorpaigh do 2023. *Aontas daingean aontaithe,* Strasbourg, 18.10.2022 (COM(2022) 548 final), lch. 12.

([7]) An Coimisiún Eorpach, *Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach*, Lucsamburg, 13.7.2022, (COM(2022) 500 final), lch. 27.

([8]) An Coimisiún Eorpach, *Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU* [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas], an Bhruiséil, 2.12.2020, (COM(2020) 711 final) (níl leagan Gaeilge ann).

ansin, agus táthar á athrá anois, gur cheart creat polaitiúil agus dlíthiúil a chur i bhfeidhm ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun forbairt na sochaí sibhialta Eorpaí a chothú, ar dlúthchuid de luachanna atá fréamhaithe i gcearta bunúsacha iad gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta sin ([9]).

2.2.2. De réir na Náisiún Aontaithe, is é an spás sibhialta an timpeallacht a chuireann ar chumas daoine agus grúpaí – nó 'gníomhaithe sa spás sibhialta' – a bheith rannpháirteach go fóinteach sa saol polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha ina sochaithe ([10]).

2.2.3. Léirítear i staidéar a rinneadh le déanaí go bhfuil ag laghdú ar an spás sibhialta mar thoradh ar bhrúnna éagsúla ar thaobh amháin ón mbarr anuas, i.e. tugann páirtithe agus rialtais dúshlán na sochaí sibhialta daonlathaí tríd an reachtaíocht, trí bheartais agus trí chleachtais d'fhonn na srianta agus na ceartúcháin ina dtíortha a tharraingt as a chéile, agus, ar an taobh eile, ón mbun aníos, i.e. éiríonn eagraíochtaí sibhialta coimeádacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha arna n-eagrú ag rialtas, mar dhea, agus gluaiseachtaí antoisceacha na heite deise an-ghníomhach. D'fhéadfadh brú teacht freisin ón earnáil chorparáideach, mar shampla, trí SLAPPanna ([11]).

2.2.4. Is measa leochaileachtaí na sochaí sibhialta de dheasca phaindéim COVID-19 chomh maith ([12]). Léirítear i staidéar ó CESE gur chuir a lán eintiteas a gcuid gníomhaíochtaí ar fionraí, go háirithe na cinn bheaga agus iad siúd a bhí ag feidhmiú lasmuigh de chathracha móra, nó eintitis inar tugadh le chéile grúpaí sóisialta sonracha ina raibh cion ard daoine a bhí eisiata go digiteach, cuir i gcás daoine scothaosta nó daoine faoi mhíchumas. Léirítear ann freisin go bhfuil cuid mhór de na heagraíochtaí sin nach ndeachaigh i mbun gnímh arís go fóill ([13]). Rinneadh difear do na comhpháirtithe sóisialta agus do na ceardchumainn go háirithe mar thoradh ar an mbrú breise faoina raibh siad chun srian a chur ar chearta oibrithe, e.g. an ceart dul ar stailc, nó mar thoradh ar dheiseanna méadaithe chun fostaithe a rialú agus iad i mbun cianoibre, rud a rinne difear dá gcearta príobháideachais.

2.2.5. I réimse na gceart bunúsach, tá cúiseanna breise imní ann. Tugann an Coimisiún Eorpach an méid seo a leanas dá aire, 'Le blianta beaga anuas, áfach, tá dúshláin a bhaineann le cúngú an spáis shibhialta curtha os comhair ESSanna agus cosantóirí ceart. Tá bearta éagsúla dlí, riaracháin agus polaitiúla tar éis teorainn a chur de réir a chéile lena saoirsí bunúsacha, rud a dhéanann difear dá gcumas gníomhaíochtaí a thacaíonn le cearta bunúsacha a dhéanamh mar chomhpháirtithe straitéiseacha don Aontas agus do na Ballstáit' ([14]).

2.3. *ESSanna a mhaoiniú: na dúshláin agus na bacainní atá ann faoi láthair*

2.3.1. Is cúis, siomptóm agus éifeacht an laghdaithe ar na spásanna sibhialta san aon am amháin é maoiniú ESSanna. Ní sna Ballstáit is nuaí amháin a bhíonn an rochtain ar mhaoiniú teoranta óir is amhlaidh atá an scéal sin san Aontas i gcoitinne. Is féidir rochtain theoranta a shainiú ar bhonn cainníochtúil mar dhearbhlaghdú nó mar laghdú coibhneasta ar mhaoiniú, ach is féidir í a shainiú ar bhonn cáilíochtúil freisin mar chistí a atreoraítear chuig réimsí eile den obair shóisialta agus den obair phobail seachas chuig cosaint chearta an duine, an smachta reachta agus an daonlathais.

2.3.2. D'fhéadfadh an rochtain ar mhaoiniú a bheith teoranta mar thoradh ar athruithe reachtacha agus athruithe nós imeachta a fhágann go bhfuil feidhmiú ESSanna níos deacra agus níos éiginnte. Cuireann difríochtaí dlíthiúla idir na Ballstáit isteach ar rochtain freisin, e.g. difríochtaí maidir le ESSanna nua a bhogadh/a chur ar bun nó maidir le rochtain a bheith acu ar dhíolúintí cánach. Ina theannta sin, mar thoradh ar ioncaim laghdaithe eintiteas gnó agus daoine aonair, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar anuas ar ghníomhaíochtaí daonchairdis (corparáideach agus príobháideach) agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí srianta ar ESSanna ar a mbeadh na gníomhaíochtaí sin dírithe.

2.3.3. De réir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, thug ESSanna le fios gurb iad seo a leanas na constaicí is coitianta a bhíonn rompu: iomaíocht le ESSanna eile le haghaidh cistí teoranta (52 %), easpa trédhearcachta agus cothroime maidir le cistí a leithdháileadh (25 %), acmhainn riaracháin theoranta agus saineolas teoranta chun iarratas ar chistiú a dhéanamh (24 %), agus critéir incháilitheachta shriantacha (23 %). Tugann CESE dá aire ina mheasúnú go mbíonn na dúshláin is mó ag eagraíochtaí beaga an phobail ó thaobh cistiú de.

([9]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 9, pointí 1.2 agus 1.3.
([10]) Treoirnóta ó na Náisiúin Aontaithe, *Protection and Promotion of Civic Space*, Meán Fómhair 2020.
([11]) Negri, G. agus Pazderski, F. 2021, *Mapping shrinking civic space in Europe, Civitates*.
([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Tionchar COVID-19 ar na cearta bunúsacha agus ar an smacht reachta ar fud an Aontais agus ar thodhchaí an daonlathais (tuairim féintionscnaimh) (IO C 275, 18.7.2022, lch. 11).
([13]) Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *The implications of the COVID-19 pandemic on fundamental rights and civic space*, 2022, lch 3.
([14]) A thriving civic space for upholding fundamental rights in the EU. 2022 Annual Report on the Application of the EU Charter of Fundamental Rights. Brussels, 6.12.2022 (COM(2022) 716 final) (Níl leagan GA ann).

2.3.4. De réir na Tuarascála ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus um an Smacht Reachta in CESE (Grúpa FRRL) ([15]) ar na cuairteanna a tugadh ar an Rómáin, ar an bPolainn, ar an Ungáir, ar an bhFrainc, ar an Ostair, ar an mBulgáir agus ar an Iodáil, b'ábhar imní í an treocht sa mhór-roinn faoina raibh srianta ar cheart ESSanna chun rochtain a fháil ar chistiú, treocht a raibh leaganacha éagsúla di ann. Sa chéad bhabhta eile den phlé a d'eagraigh Grúpa FRRL le ESSanna ón Danmhairg, ón nGearmáin, ó Éirinn, ón tSeicia, ón Spáinn, ón gCipir agus ón Liotuáin, ardaíodh an rochtain ar chistiú mar ábhar imní ginearálta i ngach cuairt tíre ([16]).

2.3.5. Dála an méid a tugadh ar aird sa Tuarascáil ó CESE maidir leis na chéad chuairteanna tíre a rinne Grúpa FRRL, mhaígh roinnt ESSanna nárbh é an laghdú ar an méid cistithe phoiblí a bhí ar fáil a d'fhág go raibh teorainn leis an rochtain ar mhaoiniú, i ndáiríre. Dar leo gurbh iarmhairt ath-leithdháileadh an chistithe an teorainn sin, cistiú a raibh níos mó de á dhíriú de réir a chéile ar ESSanna a chuir seirbhísí sóisialta ar fáil seachas orthu sin a rinne abhcóideacht ar son chearta an duine nó a rinne faireachán orthu. Tugadh ar aird freisin go raibh deontóirí príobháideacha níos gníomhaí i gcónaí i gcás maoiniú ESSanna nach raibh ag plé le cosaint an leasa choitinn ([17]).

2.4. *Struchtúr nua tacaíochta agus maoinithe le haghaidh ESSanna: an chosaint cheart agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú*

2.4.1. Aithníonn CESE go bhfuil dúshláin roimh ESSanna maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú i réimse na gceart bunúsach, an smachta reachta agus an daonlathais agus go bhfuil baol breise ann go gcuirfear a misean daonlathach i mbaol. Dá réir sin, tá ollstruchtúr nua maoinithe á mholadh aige, bunaithe ar na nósanna imeachta agus na cláir atá ann faoi láthair a atheagrú.

2.4.2. Tá an t-ollstruchtúr nua sin bunaithe ar an tuiscint go mbeidh todhchaí an Aontais ag brath freisin ar shochaí shibhialta bhríomhar a bheith ann lena bhféadfar faireachán a dhéanamh ar an gcinnteoireacht agus tionchar a imirt uirthi, go háirithe nuair a imíonn sí ó chaighdeáin an rialachais dhaonlathaigh. Ar an dara dul síos, molann CESE go nglacfadh an tAontas freagracht iomlán as ESSanna a chosaint agus as córas a chruthú a chuirfeadh ar a gcumas feidhmiú, fiú agus éiginnteacht airgeadais, imeallú agus brú faoi chois rialtais rompu, bíodh an brú sin bog nó crua. Ar an tríú dul síos, ba cheart tacú le ESSanna ar an leibhéal náisiúnta chun go bhféadfaidís a bheith rannpháirteach i gclársceidealú chistiú AE agus san fhaireachán air trí thacaíocht theicniúil (rochtain ar fhaisnéis, eolas, scileanna, etc.), cistiú agus cosaint a chur ar fáil dóibh.

2.4.3. Mar a rinne sé i roinnt tuairimí eile, molann CESE don Choimisiún Eorpach Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta a dhréachtú ina leagfadh sé amach fís chuimsitheach d'fhorbairt na sochaí sibhialta, an ról a bheadh aici maidir lenár gcórais dhaonlathacha a chaomhnú agus an bealach chun oibriú ar gach leibhéal ar mhaithe leis na saoránaigh agus na pobail.

2.5. *An chosaint cheart*

2.5.1. Ní mór cosaint ESSanna a uasdátú agus leibhéal i bhfad níos airde tosaíochta a thabhairt di. Ba cheart don Aontas dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí reachtacha agus riaracháin uile a chuireann le lagú ESSanna agus leis na bacainní a bhíonn rompu maidir lena misean daonlathach a chomhlíonadh. Is tagairt é sin do na deacrachtaí a bhaineann le clárú nó oibriú, do na hualaí riaracháin míréasúnta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí, teorainneacha lena n-oibríochtaí airgeadais nó lena rochtain ar chistiú, ciapadh arna dhéanamh ag údaráis Stáit, cosc ar chaingne dlí a thionscnamh, nó easpa cosanta ar an aithisiú, ar ionsaithe agus ar an gclúmhilleadh a dhéanfaí ina gcoinne. Sampla dearfach sa chomhthéacs sin is ea an togra le haghaidh Treoir maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí').

2.5.2. Ba cheart na cuspóirí chun an tsochaí shibhialta a chosaint a áireamh mar phríomhchoinníollacht dhaonlathach agus iad a fhréamhú sa phleanáil a dhéanann an Coimisiún Eorpach, go háirithe maidir le heisíoc cistí. Measann CESE go bhfuil údar cuí leis an rogha a rinne an Coimisiún an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a nascadh le hathchóirithe na mBallstát ar an mbreithiúnacht, ar chreataí frithéillithe, ar an riarachán poiblí agus ar dhigiteáil a gcóras ceartais ([18]). Ní mór nasc le cáilíocht an spáis shibhialta agus leis an gcaoi a gcaitear leis an tsochaí shibhialta a bhunú freisin.

([15]) https://www.eesc.europa.eu/en/sections-other-bodies/other/group-fundamental-rights-and-rule-law/frrl-trends-eu-member-states

([16]) Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *Cearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta – Forbairtí náisiúnta ó dhearcadh na sochaí sibhialta, 2020-2021*, Meán Fómhair 2022, lch. 11.

([17]) Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *Fundamental Rights and the Rule of Law – National developments from a civil society perspective*, 2018-2019, Meitheamh 2020, lch. 11.

([18]) *Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach*, Lucsamburg, 13.7.2022, (COM(2022) 500 final), lch. 1.

2.5.3. Ba cheart leathnú a dhéanamh ar an roinn 'Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta mar ghníomhaithe bunriachtanacha don smacht reachta' sa Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Smacht Reachta agus tuilleadh sonraí a thabhairt inti ([19]). Ba cheart don Choimisiún moltaí mionsonraithe a cheapadh a dhíreodh ar Bhallstáit áirithe agus obair leantach a dhéanamh maidir lena gcur chun feidhme. Ba cheart an amlíne le haghaidh ionchuir don tuarascáil a bhailiú agus foilsiú an leagain dheiridh a ailíniú níos fearr le réaltachtaí oibríochtaí laethúla ESSanna (níor cheart dátaí faoi seach a shocrú le linn shaoire dheireadh na bliana agus shaoire an tsamhraidh).

2.5.4. Tá doiciméid ann cheana féin a d'fhéadfadh feidhmiú mar threoir don phacáiste cosanta atá á mholadh ag CESE. D'eisigh An Chomhairle Eorpach dhá mholadh maidir le rialáil na sochaí sibhialta, ina gcumhdaítear príomhghnéithe dá n-eagrú agus dá bhfeidhmiú ([20]).

2.5.5. Tá measúnuithe cuimsitheacha agus comparáideacha ar fáil freisin. Sampla de dhea-chleachtas faireacháin is ea atá san Innéacs a chuir CIVICUS le chéile. Sainaithnítear cúig chineál spásanna sibhialta ann: oscailte, cúngaithe, faoi bhac, faoi chois, agus iata ([21]). Is féidir leas a bhaint freisin as scoth an lear mhóir saineolais acadúil agus beartais atá san Eoraip chun measúnú mionsonraithe ar fheidhmiú ESSanna ar an uile leibhéal a chur chun cinn tuilleadh. I ndáil leis sin, molann CESE go mbeadh feidhmiú agus gníomhaíocht ESSanna ina bpríomhréimse taighde sna heolaíochtaí sóisialta, a bheadh le maoiniú trí chláir agus trí ghníomhaíochtaí éagsúla ([22]).

2.6. *Rochtain níos fearr ar chistiú*

2.6.1. Maidir le maoiniú ón Aontas Eorpach, is céim chun tosaigh é an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna atá ann faoi láthair, agus buiséad leithdháilte ar an réimse sin faoin gclár ar mó i bhfad é ná aon bhuiséad a leithdháileadh air roimhe. Chomh maith leis sin, is coigeartú riachtanach chun freastal ar fhíor-riachtanais eagraíochtaí é foráil a dhéanamh do dheontais chun tacú le forbairt acmhainní ESSanna agus chun a gcuid costas reatha agus forbartha a chistiú.

2.6.2. Mar sin féin, tá na cistí atá á leithdháileadh ar ESSanna faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna fós easnamhach agus níl siad dírithe ar an tacaíocht atá tuillte ag ESSanna an tráth criticiúil seo a chur ar fáil dóibh. Ní mór don Choimisiún cur chuige níos réamhghníomhaí agus níos calabraithe a ghlacadh. Ar an gcéad dul síos, teastaíonn measúnú níos grinne ar dhéine na gconstaicí agus na ndúshlán ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart suimeanna níos mó a chur in áirithe do ESSanna ó na tíortha sin inar géire agus inar práinní na brúnna, go háirithe sna tíortha ina bhfuil iarracht ghníomhach agus chomhordaithe ar bun ag an rialtas le hiad a lagú agus a imeallú.

2.6.3. Cé gur díol sásaimh do CESE struchtúrú an chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus solúbthacht an chistithe chun freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair, is ábhar imní dó mar sin féin go bhféadfadh sé i gcás ESSanna an-ghníomhach, go háirithe na heagraíochtaí sin a bhfuil ról mar fhoras faire acu, nach dtiocfaidís faoi na tosaíochtaí sin chun rochtain a fháil ar na cistí a theastaíonn uathu chun a ról fíor-riachtanach a shaothrú.

2.6.4. Is díol sásaimh do CESE go gcuirtear in iúl i gclár oibre an Choimisiúin Eorpaigh do 2023-2024 go leanfaidh an Coimisiún den choigeartú agus nuáil chun na riachtanais ar an láthair a chomhlíonadh, mar shampla trí thacaíocht airgeadais a dheonú do thríú páirtithe, a dtugtar fodheontais d'idirghabhálaithe orthu de ghnáth, chun cur le hacmhainneacht na sochaí sibhialta áitiúla agus cistí a athdheonú di, nó chun fothú acmhainneachta agus múscailt feasachta maidir leis an gCairt a mhaoiniú ([23]).

2.6.5. Athdhearbhaíonn CESE moladh tábhachtach ó thuairim roimhe seo: chun an rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'eagraíochtaí beaga agus do na hearnálacha is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí, ba cheart don Choimisiún Eorpach foráil a dhéanamh do shocruithe maoiniúcháin éagsúla agus na foirmiúlachtaí riaracháin a shimpliú tuilleadh (lena n-áirítear foirmiúlachtaí a bhaineann le hiarratas a dhéanamh agus le tuairisciú), athbhreithniú a dhéanamh ar chostais aonaid agus cnapshuimeanna neamhréalaíocha (chun éifeachtaí an bhoilscithe a aithint freisin), oiliúint agus treoirlínte a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme conarthaí agus oibleagáidí airgeadais, agus a áirithiú freisin go ndéanfaidh a bhrainsí éagsúla

([19]) *Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach*, Lucsamburg, 13.7.2022, (COM(2022) 500 final), lch. 27.

([20]) Moladh CM/Rec(2007)14 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa chuig na Ballstáit – *the legal status of non-governmental organisations in Europe*; Moladh CM/Rec(2022)6 ó Chomhairle na nAirí chuig na Ballstáit – *protecting youth civil society and young people, and supporting their participation in democratic processes.*

([21]) CIVICUS Monitor. Tracking civic space.

([22]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 9, pointe 1.12.

([23]) Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le maoiniú an chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus glacadh an chláir oibre do 2023-2024, lch. 4 (níl leagan Gaeilge ann).

léirmhíniú comhsheasmhach ar an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais ([24]). Ina theannta sin, molann CESE don Choimisiún Eorpach na leibhéil forchostais a d'fhéadfadh ESSanna a úsáid dá gcostais oibríochtúla (suas le 20 % de na deontais) a mhéadú agus rátaí cómhaoinithe d'idirghabhálaithe a theorannú. Ba cheart bainistiú deontas tionscadail agus rialacha caiteachais a sheachaint i ndáil le bunchistiú.

2.6.6. Sa tuairim uaidh in 2017 maidir le maoiniú ESSanna, chuir CESE moladh chun cinn go ndéanfadh an Coimisiún Eorpach ciste Eorpach a bhunú le haghaidh an daonlathais, chearta an duine agus luachanna laistigh den Aontas Eorpach, ciste a mbeadh buiséad uaillmhianach ag gabháil leis, a bheadh ar fáil go díreach do ESSanna ar fud na hEorpa agus a bhainisteofaí go neamhspleách, ar aon dul leis an Dearlaic Eorpach i gcomhair Daonlathais, le rannpháirtíocht ó ionadaithe CESE. Tá géarghá le ciste mar sin agus tá sé ríthábhachtach rochtain ESSanna an Aontais ar an gciste a éascú. Chuige sin, athdhearbhaímid ár dtacaíocht d'ionstraim den sórt sin.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([24]) IO C 81, 2.3.2018, lch. 9, pointe 1.16.